GX 1443

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Scúdaithe an Gheimhridh 2002

Stair. HI205 An Eoraip ó 1914 i leith

Bernadette Cunningham
M.A.G. Ó Tuathaigh

Freagair trí cheist Dhá uair a chloig don scrúdú

1. An dóigh leat gur leag Conradh Versailles dúshraith láidir don tsíocháin san Eoraip ?

2. Cén fáth agus cén chaoi ar éirigh leis na Boilséibhigh an chumhacht a ghabháil chucu féin sa Rúis, agus seilbh a choinneáil uirthi, sa tréimhse 1917-24 ?

3. I bhfianaise na laigí, na gcontrárachtaí agus an easba téagair ó thaobh na h-ídéeolaíochta de a bhain leis an bhfaisisteachas, an féidir foinsí nó tréithe comónta ar bith a aithint sna leaganacha difriúla den 'bhfaisisteachas Eorpach' ?

nó

Mínigh conas ar tháinig Mussolini chun cumhachta san Iodáil.

4. "B'fhéidir nach raibh titim Weimar dosheachanta ar fad; ach bhí laigí bunúsacha i gcóras Phoblacht Weimar a d'fhág leocaileach í don ngéarchéim eacnamaíochta agus shóisialta a bhailigh timpeall uirthi i mblianta deireanacha na Poblachta". Do bharúil faoi seo.

nó

Cérbh iad na príomh údair don mhí-shocracht pholaitiúil a chráigh na 'stáit chomharbacha' in oirthear agus i lár na hEorpa sna blianta idir an dá chogadh ?

5. Chomh fada is a bhaineann sé lena pholasaí eachtrach, cad is dóigh leat den dtuairim gurbh fhear é Hitler a thapaidh deiseanna mar a thánadar chuige, seachas é bheith ina fhear diongbháilte stráitéise, ag tagairt go h-áirithe don dtréimhse 1933-41 ?

nó

" Bhí an frith-Ghiúdachas i gcroílár na haislinge diabhlaí a bhí ag Hitler, agus i gcroílár an Stáit Naitsigh a chruthaigh sé". Do bharúil faoi seo.

6. Arbh réiteach gearr-théarmach amháin é an réiteach a d'aimsigh na Naitsigh ar fhadhbanna eacnamaíochta na Gearmáine sna blianta 1933-39 ?

nó

Tabhair do bhreithiúnas ar an dtionchar a bhí ag tubaiste Wall St., agus ar lean í, ar an eacnamaíocht agus ar an bpolaitíocht san Eoraip.

7. "An t-athrú mór a chuir Stalin i gcrích i gcóras eacnamaíochta agus sóisialta Aontacht na Sóibhéide sa tréimhse 1928-1939, ní féidir a rá faoi ach gurbh í an 'dara réabhlóid' i gceart í ". Do bharúil faoi seo.

nó

Séard a chiallaigh 'An Sóisialachas in aon Stát amháin' ag Stalin ná, Státchóras ollsmachtach bunaithe ar fhaitíos, ar smacht is ar sceimhle". Do bharúil faoi seo.

8. " Could the war have been prevented ? It is sometimes argued that it was feeble statesmanship that brought about the war. Had Britain and France been prepared to confront the dictator sooner ... then major war would never have been necessary. This is to ignore the reality confronting British and French leaders in the 1930s" (R.Overy.) Do bharúil faoi seo.

nó

Déan tábhacht Chogadh Cathartha na Spáinne i stair ghinearálta na hEorpa sna tríochaidí a mheas.

9. "What is true ... is that the fragile barriers separating war from peace and soldiers from civilians - already eroded in the First World War – virtually disappeared between 1939 and 1945" (Brian Bond). An é seo a tuigtear le 'cogaíocht gan teorainn' ?

nó

Cad é an bunús atá leis an dtuairim gurbh í 1941 'bliain na cinniúna', nó casadh na taoide, sa Dara Cogadh Mór ?

10. "Chuir an Dara Cogadh Mór dlús le tarraingt siar príomh-stáit chóilineacha na hEorpa óna gcuid críocha impiriúla" . Do bharúil faoi seo

11. Ar thosaigh an Cogadh Fuar agus an Dara Cogadh Mór ag druidim chun deiridh, nó a dtéann a fréamha siar níos fuide ?

nó

" The extension of Russian power into central Europe and as far west as the river Elbe has been called , without hyperbole, 'the main theme of the post war era and probably of the second half of the twentieth century'" (Brian Bond). Do bharúil faoi seo.

12. Cad a bhí i gceist ag Alan Milward nuair a scríobh sé gurbh é bunú An Chomhphobail Eorpaigh (an t-Aontas mar atá anois air) a shlánaigh an 'Stát náisiúnta' ('nation-state') san Eoraip ?

nó

"Ar feadh tríocha bliain i ndiaidh Chonradh na Róimhe (1957) b'é an comhnascadh eacnamúil an phríomh-aidhm, agus an príomh údar maíte, ag an 'dtionscnamh Eorpach'" Do bharúil faoi seo.

13. Cad is dóigh leat den dtuairim gurbh chinniúnach an tréimhse í 1968-1975 i scéal an athraithe a tháinig ar an dteannas idir an dá mhór-bhloc den gCogadh Fuar san Eoraip, agus go deimhin i stair an turnaimh a tharla ar ball don gcóras Sóibhéideach ?

nó

"1989 was as momentous a year in European history as 1789. Like the would-be reformers of the *ancien régime*, Gorbachov had sown the wind and reaped the whirlwind". (David Reynolds). Do bharúil faoi seo.

14. " In ainneoin an téarnaimh eacnamaíochta a bhain d'Iarthar na hEorpa ó 1945 i leith, i réimse an chultúir choitinn (popular culture) bhí tionchar Mheiriceá, idir fhoirmeacha agus tháirgí, ag dul i dtreise gan stad i rith na tréimhse seo". Do bharúil faoi seo.